AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE

# EIGE

## Clár Oibre Bliantúil 2010

Arna ghlacadh 29 Aibreán 2010

Leagan críochnaitheach

# RÉAMHRÁ

## Tuairisc ghearr ar an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is sa bhliain 1995 is túisce a moladh go gcuirfí Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ar bun, agus chuir Aire na Sualainne um Chomhionannas Inscne dréacht-togra le haghaidh institiúid dá leithéid a bhunú i láthair ag seimineár a bhí ar siúl i Stócólm i Meitheamh 1999[1].

Mar chuid den Chlár Oibre um Beartas Sóisialta, a glacadh ag Nice i mí na Nollag 2000, d'aithin an Chomhairle Eorpach an gá atá le feasacht a ardú, acmhainní a chomhthiomsú agus taithí a mhalartú d'fhonn comhionannas inscne a chur chun cinn, go háirithe trí Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú.

Chuir an Coimisiún Eorpach faoi deara go ndearnadh staidéar féidearthachta faoi Straitéis Chreata an Chomhphobail um Chomhionannas Inscne (2001-2005). Thug an Chomhairle um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí ar an 1-2 Meitheamh 2004[2], ar bhonn thorthaí Chruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Comhionannais a thionóil Uachtaránacht na hÉireann ar an 7 Bealtaine 2004, tacaíocht iomlán don phrionsabal go mbunófaí Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le struchtúr a thabharfadh luach breise agus nach ndúblódh gníomhaíochtaí atá ann cheana féin sa réimse seo.

I mí an Mheithimh 2004, léirigh an Chomhairle Eorpach[3], i bhfianaise na spriocanna a bhaineann le comhionannas idir fir agus mná ar chlár oibre Liospóin [4] agus ag cur san áireamh an plé a bhí déanta cheana féin, tacaíocht don phrionsabal go mbunófaí Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus d'iarr sí ar an gCoimisiún togra sonrach a thabhairt ar aghaidh.

Ó 2002 i leith bhí Parlaimint na hEorpa fosta ag éileamh go mbunófaí Institiúid Eorpach Inscne[5]. I mí an Mheithimh 2004, d'fhoilsigh sí tuarascáil ar an ról a bheadh ag Institiúid Eorpach Inscne sa todhchaí

Thosaigh an Institiúid nuair a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh 1922/2006 an 20 Nollaig 2006 lenar bunaíodh Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

---

1 Tuarascáil ón seimineár ar Institiúid Eorpach Inscne a bhí ar siúl i Stócólm i Meitheamh 1999, Aireacht Tionscal, Fostaíochta agus Cumarsáide na Sualainne (Stócólm, Eanáir 2000).

2 Comhairle an AE, Preaseisiúint 9507/04, lch 11.

3 An Chomhairle Eorpach, 17-18 Meitheamh 2004, conclúidí Uachtaránachta, mír 43.

4 An Chomhairle Eorpach, 23-24 Meitheamh 2000, conclúidí Uachtaránachta, mír 5.

5 Rúin ó Pharlaimint na hEorpa P5-TA (2002)0372 an 4 Iúil 2002, P5-TA (2002) 0606 an 17 Nollaig 2004, P5-TA (2004) 0023 an 14 Eanáir 2004 agus P5-TA (2004) 0167 an 10 Márta 2004.

## DÚSHLÁIN DON BHLIAIN ATÁ LE TEACHT

### TEAGMHÁIL LE PARLAIMINT NA HEORPA ATHNUAITE AGUS LE COIMISIÚN NA HEORPA ATHNUAITE

I rith 2010 déanfaidh an Institiúid an comhar atá bunaithe cheana le Parlaimint na hEorpa nua a fhorbairt, go háirithe an Coiste um Chearta Ban agus Comhionannas Inscne (FEMM). Pléifear réimsí spéise na Parlaiminte i ndáil le Clár Oibre Bliantúil EIGE agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha féideartha.

Cruthóidh athruithe ar an gCoimisiún go leor dúshlán freisin nuair a dhéanfaidh an Coimisinéir um Cheartas, Cearta Bunúsacha agus Saoránacht nua na straitéisí nua a phleanáil agus a chur chun feidhme. Socrófar ról EIGE maidir le tacú le hobair an Choimisiúin agus an Choimisinéara.

### STRAITÉIS NUA AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH I DTACA LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR 2011-2015

Déanann Clár Oibre Bliantúil EIGE iarracht gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur chun feidhme ar gníomhaíochtaí iad a chuireann le roinnt réimsí den phlean oibre reatha um chomhionannas idir mná agus fir. Folaíonn obair EIGE roinnt réimsí tosaíochta, eadhon Innéacs Comhionannais Inscne an AE, steiréitíopaí agus na mórmheáin. Leanfaidh an Institiúid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dá cuid a bhaineann leis an straitéis nua atá le foilsiú i samhradh na bliana 2010.

### GÉARCHÉIM GHEILLEAGRACH AGUS AIRGEADAIS

In ainneoin na straitéisí téarnaimh go léir agus na n-iarrachtaí chun bealach amach as an ngéarchéim a fháil, tá na dúshláin a bhaineann le comhionannas inscne ann fós, amhail deiseanna níos fearr sa mhargadh saothair do mhná agus d'fhir, feidhmiú na cosanta sóisialaí agus dul in aois na sochaí.
Tá dlúthbhaint idir deiseanna chun feabhas a chur ar chomhionannas inscne agus an staid ina bhfuil cúrsaí eacnamaíochta faoi láthair. Éileoidh comhionannas inscne uirlisí agus cur chuige chun go mbeidh sé indéanta iarmhairtí na géarchéime ar mhná agus ar fhir a mhaolú.

### EAGRAÍOCHT NUA A CHRUTHÚ

Bainfidh an obair ar bhunú na hInstitiúide a buaic amach i rith 2010. Mar ghníomhaireacht chuibheasach beag de chuid an AE, beidh ar EIGE inniúlacht agus gairmiúlacht den scoth a léiriú go huile má tá sí chun na rialacha agus na doiciméid inmheánacha go léir is gá a sholáthar, chomh maith le tosú ar thorthaí a sheachadadh i ndáil le comhionannas inscne.

## CLÁR ÁBHAR


1 MISEAN AGUS FÓCAS EIGE LE HAGHAIDH 2010

1.1 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

1.2 RÉIMSÍ FÓCAIS LE HAGHAIDH 2010

1.3 CUR CHUIGE AGUS MODHANNA I NDÁIL LE FEIDHMIÚCHÁN

2. CLÁR OIBRE 2010

2.1 RÉIMSE FÓCAIS 1: LEAGAN AMACH INSTITIÚIDEACH NA HINSTITIÚIDE

2.1.1 NEAMHSPLEÁCHAS RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS A CHINNTIÚ

2.1.2 COMHLACHTAÍ EIGE

2.2 RÉIMSE FÓCAIS 2: TACAÍOCHT D'OBAIR THAIGHDE AGUS BHEARTAIS INSTITIÚIDÍ AN AE AGUS NA MBALLSTÁT

2.2.1 SONRAÍ, STAIDREAMH AGUS TÁSCAIRÍ IONTAOFA A FHORBAIRT

2.2.2 UIRLISÍ AGUS MODHANNA I NDÁIL LE PRÍOMHSHRUTHÚ INSCNE A FHORBAIRT

2.2.3 BAILIÚ, DOICIMÉADÚ AGUS SCAIPEADH NA GCLEACHTAS IS FEARR

2.3 RÉIMSE FÓCAIS 3: RÉIMSÍ TÉAMACHA NÓ TOSAÍOCHTA

2.3.1 INNÉACS COMHIONANNAIS INSCNE AN AE

2.4 RÉIMSE FÓCAIS 4: MÚSCAILT FEASACHTA, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID

2.4.1 FAISNÉIS TOSAIGH FAOIN INSTITIÚID DO SHAORÁNAIGH AN AE AGUS DO SPRIOCGHRÚPAÍ ÉAGSÚLA

2.4.2 FAISNÉIS IONTAOFA AGUS CHUIMSITHEACH A FHORBAIRT

2.4.3 STEIRÉITÍOPAÍ INSCNE A BHRISEADH

2.5 RÉIMSE FÓCAIS 5: IDIRPHLÉ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

2.5.1 AN LÍONRA EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE A BHUNÚ

2.5.2 PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE

3 ACHOIMRE AR ACMHAINNÍ DAONNA AGUS AIRGEADAIS

4 PLEAN BUNAITHE

5 MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

5.1 MONATÓIREACHT A CHUR CHUN FEIDHME

5.2 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# MISEAN AGUS FÓCAS EIGE LE HAGHAIDH 2010

Is ceart bunúsach agus prionsabal coiteann de chuid an Aontais Eorpaigh araon é comhionannas idir fir agus mná. 'Dúshlán níos fadtéarmaí é comhrac in aghaidh neamhionannas inscne marthanach i ngach réimse den tsochaí, ós rud é go bhfuil athruithe struchtúracha agus iompraíochta i gceist chomh maith le hath-shainmhíniú ar rólanna na mban agus na bhfear. Forbairt dhearfach is ea an méadú ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, agus rud a cuidíonn go mór le fás eacnamaíoch san AE; is é is cúis leis an gceathrú cuid den fhás eacnamaíoch bliantúil ó 1995. ... Tá bearnaí inscne fós ann maidir le rátaí fostaíochta, pá, uaireanta oibre, postanna freagrachta, cion de dhualgais chúraim agus tí, agus riosca bochtaineachta'[6]. Tá sé léirithe ag staidéir gur féidir le comhionannas inscne a bheith ina fhachtóir táirgiúil agus go mbaineann go leor buntáistí geilleagracha agus sóisialta le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Is fiú infheistiú i bpolasaithe comhionannas inscne maidir le rátaí fostaíochta ban níos airde, ranníocaíocht ban do OTI, ioncam cánach agus rátaí torthúlachta inbhuanaithe.

Measann an Institiúid gur tasc tábhachtach é cumhachtú agus uathriail airgeadais na mban a chumasú - agus cuidiú na mban le fás eacnamaíoch a déanamh níos soiléire, chomh maith le cumhachtú agus uathriail na bhfear a chumasú maidir le saol an duine aonair agus an teaghlaigh - agus cuidiú na bhfear le forbairt na nglún atá le teacht a dhéanamh níos soiléire. Maidir leis an Institiúid is é atá i gceist leis seo ná bailiú agus scaipeadh faisnéise agus dea-chleachtas maidir lena leithéidí seo i measc rudaí eile: cumasú, rannpháirtíocht chomhionann i gcinnteoireacht agus in obair chúraim agus tí, agus an comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an idirdhealaithe ar fhoras gnéis.

## 1.1 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Tá **cuspóirí foriomlána** (nó éifeachtaí fadtéarmacha) obair EIGE (leibhéal tionchair na gcuspóirí) sainithe sa Rialachán mar seo a leanas:

*Chun cur le cothú an chomhionannais inscne agus é a neartú lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach beartas Comhphobail agus na polasaithe náisiúnta dá mbarr, agus an comhrac i gcoinne idirdhealaithe ar fhoras gnéis, agus chun feasacht shaoránaigh an AE ar chomhionannas inscne a ardú.*

## 1.2 RÉIMSÍ FÓCAIS LE HAGHAIDH 2010

Le linn 2010, beidh gníomhaíochtaí EIGE ag iarraidh a chinntiú go gcuirfear bunú na gníomhaireachta i gcrích go gasta agus go gcuirfear tús lena cuid gníomhaíochtaí oibríochtúla.

(i) Chomh maith leis na spriocanna foirne a thabhairt chun críche agus príomhdhoiciméid uile EIGE a fhorbairt, folóidh na gníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar **leagan amach riaracháin agus oibríochta na hInstitiúide:** coinníollacha cuí a chruthú ionas go n-oibreoidh an ghníomhaireacht go maith ina cheanncheathrú buan. Folóidh an obair a dhéanfar ar **comhlachtaí EIGE** uainíocht an Bhoird Bhainistíochta agus tús a théarma oifige a eagrú chomh maith le bunú Fhóram na Saineolaithe a chríochnú.

---

[6] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Comhionannas idir mná agus fir - 2010, pointe 2.1.

(ii) An dara réimse fócais don bhliain atá le teacht ná **tacaíocht d'obair bheartais institiúidí an AE agus na mBallstát**. Déanfar staidéar ar na riachtanais agus na bearnaí agus mapálfar na samhlacha reatha agus na cineálacha cur chuige reatha maidir le príomhshruthú inscne. Cuirfear tús freisin le hobair a dhéanamh le táscairí Bhéising, go háirithe trí eolas a scaipeadh faoi tháscairí atá ann cheana féin a úsáid agus trí chuidiú le hUachtaránachtaí an AE i ndáil le táscairí sna réimsí atá fágtha a fhorbairt tuilleadh. Déanfaidh EIGE gach iarracht freisin chun cuidiú leis na hUachtaránachtaí i réimsí eile.

(iii) Cuirfear tús le **réimsí téamacha nó tosaíochta** a aithnítear a bheith tábhachtach d'obair chomhionannais inscne le hanailís ar staid reatha an chomhionannais inscne san Eoraip. Ar bhonn tháscairí Bhéising agus ar bhonn tháscairí comhaontaithe eile, déanfar Innéacs Comhionannais Inscne AE a fhorbairt mar choincheap le haghaidh cur chuige níos leithne agus níos casta maidir le neamh-chomhionannas atá ann cheana féin, agus leanfar den obair ar tháscairí coiteanna a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas an chomhionannais idir mná agus fir.

(iv) Beidh **ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid** mar cheathrú réimse fócais a mbeidh sé mar aidhm aige feasacht tosaigh a ardú maidir le comhionannas inscne agus an Institiúid ag leibhéil éagsúla. Reáchtálfar comórtas lógó chun tús oibríochta EIGE a cheiliúradh, agus cuirfear an iontráil a bhuafaidh i láthair go foirmiúil le linn ócáid na hoscailte oifigiúla. Rud tábhachtach: forbrófar straitéis cumarsáide seachtraí chun cabhrú le páirtithe leasmhara agus leis an bpreas saincheisteanna an chomhionannais inscne a tuiscint. Maidir le steiréitíopaí inscne a chomhrac, tosóidh an obair le hanailís ar éifeachtaí steiréitíopaí inscne i staid reatha an chomhionannais inscne san Eoraip. Déanfar staidéar ar na gnásanna agus ar na patrúin chultúrtha atá contrártha don dlí idirnáisiúnta, don dlí Eorpach agus do dhlí na mBallstát mar go leanann siad de bheith ag 'ceangal' na mban le hatáirgeadh agus na bhfear leis an saol poiblí, agus cuirfear na cleachtais is fearr ar aghaidh maidir le bearta nithiúla chun na steiréitíopaí sin a bhriseadh. Chun cabhrú leis an Institiúid san obair seo bunófar tascfhórsa ar a mbeidh iriseoirí agus saineolaithe meán/cumarsáide agus grúpa acmhainní don óige.

(v) Forbrófar **idirphlé agus comhpháirtíocht** i dteagmháil le líonraí atá ann cheana féin agus i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara. Tabharfaidh gníomhaíochtaí sa réimse fócais seo móiminteam do bhunú an Líonra Eorpaigh um Chomhionannas Inscne.

## 1.3 CUR CHUIGE AGUS MODHANNA I NDÁIL LE FEIDHMIÚCHÁN

Tá an Clár Oibre freagrach as oibríochtaí agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus as monatóireacht a dhéanamh orthu, agus tá sé bunaithe ar mhodh na Bainistíochta Bunaithe ar Thorthaí (RBM) a nglactar leis go huilíoch.

D'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, forbrófar táscairí ag gach leibhéal, agus socrófar na sonraí bonnlíne do na táscairí sin i rith na chéad bhliana d'obair na hInstitiúide.

Le linn an chéad chúpla bliain dá oibríochtaí, go háirithe tar éis a fhoireann nua a earcú, déanfaidh EIGE anailís ar na rioscaí féideartha go léir agus forbróidh sé chóras bainistíochta éifeachtaí riosca atá le lánpháirtiú sna Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha.

I gcomhréir leis an Rialachán, ní mór don Institiúid a thascanna a dhéanamh laistigh d'inniúlachtaí an AE agus i bhfianaise na gcuspóirí a glacadh agus na réimsí tosaíochta a aithníodh ina chlár oibre bliantúil. Ní mór clár oibre na hInstitiúide a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí an AE i réimse an chomhionannais inscne agus le clár oibre an Choimisiúin, lena n-áirítear a hobair staitistiúil agus a hobair thaighde.

Maidir le torthaí agus aschur a tháirgeadh (torthaí meántéarma agus láithreacha) beidh foirne EIGE nasctha go hoibríochtúil le gníomhaíochtaí fhoirne EIGE eile (go hinmheánach ar fud gníomhaíochtaí agus tionscadal éagsúil), agus iad ag cur sa tslí sin le táirgí insoláthartha comhpháirteacha agus ag cruthú timpeallachta foghlama comhchoitinne.

# 2 CLÁR OIBRE 2010

Tugann an Clár Oibre seo breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí do 2010 agus ar na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun iad a chur chun feidhme. Is iad na cuspóirí fadtéarmacha agus meántéarma (cuspóirí maidir le tionchar agus leibhéal toraidh) a bheidh mar struchtúr chlár ilbhliantúil na hInstitiúide.

D'fhonn rannchuidiú leis na cuspóirí foriomlána a bhaint amach, eagróidh an Institiúid a cuid oibre timpeall na réimsí gníomhaíochta sainithe, rud a dhéanfaidh an t-aschur (torthaí láithreacha) a sheachadadh agus a chuideoidh ar an dóigh sin leis na cuspóirí um leibhéal toraidh (torthaí meántéarma) a bhaint amach.

## 2.1 RÉIMSE FÓCAIS 1: LEAGAN AMACH INSTITIÚIDEACH NA HINSTITIÚIDE

Maidir leis an mbliain 2010, baineann an tosaíocht is airde do EIGE leis an réimse seo toisc go gcruthaíonn sé na réamhchoinníollacha go léir dá chuid oibre sa todhchaí. Beidh sé críochnaithe faoi 2011, nuair a bheidh an fhoireann go léir earcaithe, nuair a bheidh doiciméid riaracháin agus doiciméid inmheánacha forbartha agus glactha, nuair a bheidh gach comhlacht agus líonra ag feidhmiú agus nuair a bheidh an Institiúid le feiceáil mar lárionad Eorpach um chomhionannas inscne, a fhorbraíonn agus a úsáideann modhanna agus uirlisí riachtanacha agus a scaipeann na cleachtais is fearr.

I rith 2010, is é a bheidh sa réimse seo ná roinnt gníomhaíochtaí mar atá leagtha amach thíos.

### 2.1.1 NEAMHSPLEÁCHAS RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS A ÁIRITHIÚ

*Aschur na gníomhaíochta*: **Na príomhchoinníollacha le haghaidh fheidhmiú iomlán na hInstitiúide a bheith bunaithe**

Áirítear ar na bearta laistigh den ghníomhaíocht seo: forbairt na hInstitiúide, na doiciméid riaracháin agus oibríochta go léir atá fágtha a chruthú, Rialacha Inmheánach, Clár Oibre do 2010 agus Clár Oibre meántéarma, polasaithe agus straitéisí inmheánacha lena n-áirítear na forálacha cur chun feidhme eile de na Rialacháin Foirne. Beidh an earcaíocht do na poist atá fágtha - de réir phlean bunaíochta 2009 - tugtha chun críche. Táthar ag súil go mbeidh foireann 2010 ann go h iomlán faoi dheireadh na bliana. Cuirfear oiliúint foirne agus feabhsú inniúlachta i gcrích, go háirithe laistigh de réimse an chomhionannais inscne agus réimse obair agus fheidhmiú chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo chun críche na nósanna imeachta atá fágtha chun neamhspleáchas iomlán a áirithiú, eadhon an buiséad bliantúil a fhaomhadh, an t-oifigeach cuntasaíochta a earcú agus na córais chuntasaíocht airgeadais riachtanacha a shuiteáil. Chomh maith leis sin ionchorpróidh sé: caidreamh leis an tír óstach, teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Ceannoifige, agus forbairt nósanna imeachta breise le haghaidh cur chun feidhme na gcoinníollacha chun feidhmiú rianúil na hInstitiúide a áirithiú. Tabharfar feistiú an áitribh chun críche chomh maith, lena n-áirítear soláthar agus suiteáil an trealaimh.

D'fhonn na sonraí bonnlíne a chruthú le haghaidh meastóireachta sa todhchaí ar thionchar ghníomhaíochtaí EIGE, déanfar meastóireacht ex-ante a choimisiúnú ag tús 2010.

Tá rún ag EIGE, ar lá a lán-neamhspleáchais riaracháin agus airgeadais, ócáid tosaigh oifigiúil a reáchtáil a fheidhmeoidh mar ghníomhaíocht thábhachtach ardaithe feasachta. Tabharfar cuireadh do Pharlaimint na hEorpa, don Choimisiún, do na Ballstáit, do Chomhairle na hEorpa agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile tús oifigiúil obair EIGE a cheiliúradh.

*Táscairí aschuir:* Rialacha Inmheánach EIGE a bheith glactha ag an mBord Bainistíochta faoin dara ráithe de 2010; Clár Oibre Bliantúil do 2010 a bheith glactha faoin gcéad ráithe de 2010; Clár Oibre meántéarma do 2010-2012 a bheith glactha faoin gcéad ráithe de 2010; na forálacha cur chun feidhme eile do na Rialacháin Foirne a bheith glactha faoin gceathrú ráithe de 2010; córas ICS a bheith ann faoi mhí

Dheireadh Fómhair 2010; córas comhdaithe agus cartlannú riaracháin a bheith forbartha agus ag feidhmiú faoin dara ráithe de 2010; inlíon agus suíomh idirlín a bheith oibríochtúil faoin tríú ráithe de 2010; an fhoireann a earcaíodh i 2009 a bheith suiteáilte faoin dara ráithe de 2010; plean bunaithe 2010 a bheith críochnaithe faoin tríú ráithe de 2010; Oifigeach Cuntasaíochta a bheith ceaptha ag an mBord Bainistíochta agus earcaithe faoi dheireadh na chéad ráithe de 2010; cuntas EIGE a bheith oscailte faoin dara ráithe de 2010; líne STesta agus ABAC a bheith oibríochtúil faoin dara ráithe de 2010 ; na hoifigí eile a bheith feistithe faoin dara ráithe de 2010; caidreamh agus an nós imeachta um chomhar leis an tír óstach a bheith ag feidhmiú go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2010; meastóireacht ex-ante a bheith coimisiúnaithe faoin dara ráithe de 2010.

### 2.1.2 COMHLACHTAÍ EIGE

*Aschur na gníomhaíochta*: **Chomhlachtaí na gníomhaireachta a bheith ag feidhmiú go hiomlán faoi dheireadh 2010**

**Bord Bainistíochta**

Folóidh an ghníomhaíocht seo cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta a eagrú, agus clúdóidh sí na costais ábhartha ateangaireachta. I mí na Bealtaine 2010 déanfar uainíocht na mBallstát agus tosóidh an Bord a théarma oifige nua trí Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta a thoghadh.

**Fóram na Saineolaithe**

Seolfaidh Fóram na Saineolaithe, a bunaíodh i mí na Nollag 2009, a chéad dhá ghrúpa oibre agus forbróidh sé na modhanna oibre agus na modhanna chun comhairle a thabhairt ar réimsí taighde, staidéir agus staidéir féidearthachta sa todhchaí. Cuirfear tús chomh maith le hobair ar na bealaí cearta a aithint maidir le faisnéis a scaipeadh ar na Ballstáit uile, ar na comhpháirtithe sóisialta uile agus ar na páirtithe uile eile atá i gceist. Socrófar cén rannpháirtíocht a bheidh ag Fóram na Saineolaithe i bhfeachtais, i gcomhráite comhstádais agus i seimineáir le linn chur chun feidhme an Chláir Oibre mheántéarma freisin.

*Táscairí aschuir:* Bord Bainistíochta nua a bheith ag feidhmiú faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; ról Fhóram na Saineolaithe i mbailiú agus i scaipeadh faisnéise a bheith sainithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; an chéad dá ghrúpa oibre a bheith bunaithe faoin tríú ráithe de 2010; cinneadh ar staidéar iomchuí nó taighde a bheith déanta faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010;

**Acmhainní Daonna (2010)**

Réimse fócais 1: Leagan amach riaracháin na hInstitiúide

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE[7] | Gníomhairí ar conradh CA | Foireann Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | 3 | | 3.25 | 11.25 | 33% | 970 000 |

[7] Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht

## 2.2 Réimse fócais 2: Tacaíocht d'obair thaighde agus bheartais institiúidí an AE agus na mBallstát

### 2.2.1 Sonraí, staidreamh agus táscairí iontaofa a fhorbairt

*Aschur na gníomhaíochta*: **Roinnt coinníollacha bunúsacha a bheith cruthaithe le haghaidh bheith ag obair le táscairí agus sonraí iontaofa**

Le linn 2010 cuirfidh EIGE tús le hobair ullmhúcháin le haghaidh sonraí, faisnéis agus staitisticí atá ann cheana féin a bhailiú. Tosófar ar eolas a bhailiú ar thaighde sóisialta atá ann cheana féin a bhaineann le hinscne. Cruthófar teagmhálacha le Eurostat agus leis na hinstitiúidí taighde agus acadúla ábhartha eile go léir, agus pléifear cineálacha comhoibrithe. D'fhonn dúbailt a sheachaint cuirfear cainteanna ar siúl leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Tabharfaidh an Institiúid tacaíocht theicniúil don Chomhairle tar éis an Cláir Oibre le haghaidh Gníomhaíochta i mBéising agus go háirithe maidir leis na táscairí a scaipeadh agus a thabhairt cothrom le dáta. An chéad rud a bheidh le déanamh ag an Institiúid ná: infheictheacht na dtáscairí a áirithiú trína láithreán gréasáin; anailís a thabhairt ar na foinsí sonraí atá ann faoi láthair; agus na sonraí le haghaidh na dtáscairí a thabhairt suas chun dáta (nuair is indéanta).

Le linn 2010 déanfaidh EIGE athbhreithniú ar tháscairí atá ann cheana a ghlac an Chomhairle roimhe sin agus ar staitisticí atá ann cheana féin, d'fhonn comhairle a sholáthar maidir le nuashonrú agus feabhsú a dhéanamh ar tháscairí atá ann cheana féin. Cuirfear tús leis le hathbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí a bhí ann (ar phá comhionann) i gcomhar le hUachtaránacht na Beilge i 2010. Cuirfidh EIGE tús le cainteanna agus le tacaíocht pleanála do na hUachtaránachtaí d'fhonn a bheith rannpháirteach i bhforbairt táscairí agus eolais tagarmharcála.

*Táscairí aschuir:* Cineálacha agus réimsí comhoibrithe le Eurostat agus DG EMPL a bheith cinntithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; athbhreithniú ar an bhfaisnéis agus ar na staitisticí atá ann cheana féin a bheith seolta faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; staidéar ar na riachtanais agus na deacrachtaí cur chun feidhme a bheith déanta faoi dheireadh na bliana 2010; modhanna oibre le táscairí Bhéising a bheith deartha faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; grúpa oibre ar tháscairí Bhéising a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; faisnéis tosaigh ar na táscairí Bhéising a bheith foilsithe ar an láithreán gréasáin faoi dheireadh na ceathrú ráithe de 2010; cúnamh a thabhairt d'Uachtaránacht na Beilge faoi dheireadh na ceathrú ráithe de 2010, agus ina dhiaidh sin d'Uachtaránachtaí i ndiaidh a chéile.

### 2.2.2 Uirlisí agus modhanna i ndáil le príomhshruthú inscne a fhorbairt

*Aschur na gníomhaíochta*: **Obair le huirlisí agus le modhanna a bheith tosaithe**

Tar éis chonclúidí na Comhairle um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)[8], a mholann cur chuige córasach maidir leis an straitéis um príomhshruthú inscne - lena n-áirítear, go háirithe, measúnú tionchair inscne na bpolasaithe a chur chun feidhme go héifeachtach, staidreamh a fhorbairt arna miondealú de réir inscne, táscairí a úsáid chun dul chun cinn a thomhas agus cláir oiliúna chun saineolas inscne a fhorbairt — cuirfidh EIGE tús lena chuid oibre anseo ar roinnt bealaí. Beidh sé ag tabhairt faoi staidéar a dhéanamh orthu seo: riachtanais agus deacrachtaí an bhirt; cineálacha cur chuige rathúla atá ann cheana féin; agus uirlisí a úsáideann comhlachtaí an AE, na Ballstáit agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun dearcadh na mban agus na bhfear a phríomhshruthú. Cuirfear an

8 Conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne: fás agus fostaíocht a neartú - ionchur i Straitéis Liospóin iar-2010. 2980ú Cruinniú na Comhairle um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí, An Bhruiséil, 30 Samhain 2009

chéad 'cleachtas is fearr' i láthair do pháirtithe leasmhara ag seimineár eolais sa Bhruiséil don Choimisiún, do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa agus d'eagraíochtaí leasmhara eile i mí na Nollag 2010. Chun tacú leis na hUachtaránachtaí ina n-iarrachtaí an pheirspictíocht inscne a phríomhshruthú ar fud Straitéis na hEorpa 2020, cuideoidh EIGE le táscairí riachtanacha agus eolas tagarmharcála a fhorbairt.

Pléifear sineirgí maidir le modhanna, uirlisí agus lámhleabhair a fhorbairt chomh maith leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

*Táscairí aschuir:* staidéar ar mhodhanna agus ar uirlisí atá ann cheana féin a bheith seolta faoi dheireadh na dara ráithe de 2010, na chéad torthaí a bheith curtha i láthair do pháirtithe leasmhara faoi dheireadh na bliana 2010; cainteanna leis na hUachtaránachtaí a bheith seolta faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; gníomhaíochtaí coiteanna a bheith aitheanta leis na gníomhaireachtaí faoi dheireadh Nollaig 2010.

### 2.2.3 Bailiú, doiciméadú agus scaipeadh na gcleachtas is fearr

*Aschur na gníomhaíochta*: **Na coinníollacha bunúsacha a bheith cruthaithe le haghaidh na cleachtais is fearr a bhailiú, a dhoiciméadú agus a roinnt**

Le linn 2010 tógfar an chéad chéim i dtreo acmhainní doiciméadaithe a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu a chur ar fáil. Seolfaidh an Institiúid fardal de thaighde atá ar fáil san Eoraip agus bailiúchán de na cleachtais is fearr ó na Ballstáit agus ó na húdaráis áitiúla. Tosnófar ag obair ar na modhanna oibre is éifeachtaí a aithint agus ar chreat teicniúil a dearadh ar creat é chun go mbunófar bunachar sonraí leictreonach ar líne d'acmhainní, ionad doiciméadaithe do na cleachtais náisiúnta is fearr agus leabharlann d'ábhair atá ar fáil maidir le comhionannas inscne (go háirithe le haghaidh an ruda ar a dtugtar 'litríocht liath').

Déanfar teagmháil le comhlachtaí taighde agus ollscoileanna náisiúnta maidir le comhar éifeachtúil agus malartú sa todhchaí. Bunófar comhoibriú maidir le hábhair agus eolas ábhartha a scaipeadh leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

*Táscairí aschuir:* fardal de thaighde atá ann cheana a bheith seolta faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; na cleachtais is fearr a bheith bailithe i réimsí roghnaithe faoi lár na tríú ráithe de 2010; córais chun na cleachtais is fearr a dhoiciméadú a bheith ar fáil don phobal i Vilnias faoi dheireadh na ceathrú ráithe de 2010; plé tosaigh ar na réimsí taighde faoi dheireadh na ceathrú ráithe de 2010; crua-earraí agus bogearraí don ionad acmhainne leictreonach ar líne a bheith faighte faoi lár na tríú ráithe de 2010; na hábhair thosaigh de chuid na leabharlainne a bheith ar oscailt don phobal faoi dheireadh na ceathrú ráithe de 2010; cinntí maidir le scaipeadh na gcleachtas is fearr trí ghníomhaireachtaí a bheith déanta faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; teagmhálacha a bheith bunaithe le 27 comhlacht taighde náisiúnta ar a laghad faoi dheireadh na bliana 2010.

**Acmhainní Daonna (2010)**

Réimse fócais 2: Tacaíocht d'obair thaighde agus bheartais institiúidí an AE agus na mBallstát

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí ar conradh CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.25 | 2.75 | 1 | 1 | 9 | 26% | 590000 |

## 2.3 RÉIMSE FÓCAIS 3: RÉIMSÍ TÉAMACHA NÓ TOSAÍOCHTA

### 2.3.1 INNÉACS COMHIONANNAIS INSCNE AN AE

*Aschur na gníomhaíochta:* **Struchtúr bunúsach d'Innéacs Comhionannais Inscne an AE a bheith forbartha**

I rith na bliana 2010, ag obair i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna agus le Eurostat, leanfaidh an Institiúid ag forbairt coincheapa le haghaidh Innéacs Comhionannais Inscne AE a fhorbairt ar bhonn tháscairí athnuaite Bhéising agus ar bhonn tháscairí comhaontaithe eile maidir le comhionannas idir mná agus fir sa saol poiblí agus i saol an teaghlaigh i mBallstáit an AE a mheasúnú.

Ag tús na bliana, bunófar grúpa oibre chun cuidiú leis an Institiúid ina cuid oibre. I rith na bliana 2010, cuirfidh EIGE tús le hobair ullmhúcháin ar an Innéacs, ag baint úsáide as taithí ar innéacsanna náisiúnta atá ann cheana, ag anailísiú agus ag plé a gcomhpháirteanna, agus ag leasú an Innéacs nuair a mheasfaí nó dá measfaí gur ghá sin. Mapálfar agus anailíseofar foinsí sonraí atá ann cheana agus foinsí sonraí todhchaí le haghaidh an innéacs a thabhairt cothrom le dáta.

*Táscairí aschuir:* Grúpa ag obair ar GEI AE a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; foinsí sonraí atá ann cheana agus foinsí sonraí todhchaí a bheith á mapáil faoin tríú ráithe de 2010; creat le haghaidh obair thodhchaí ar GEI AE a bheith forbartha faoi dheireadh na bliana 2010.

**ACMHAINNÍ DAONNA (2010)**

Réimse fócais 3: Réimsí téamacha nó tosaíochta

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí ar conradh CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.5 | 0.75 | 1 | 0.75 | 6 | 18% | 350000 |

## 2.4 Réimse fócais 4: Ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid

### 2.4.1 Faisnéis tosaigh faoin Institiúid do shaoránaigh AE agus do spriocghrúpaí éagsúla

*Aschur na gníomhaíochta:* **Saoránaigh an AE a bheith ar an eolas faoi mhisean agus faoi obair na hInstitiúide**

#### 2.4.1.1 Straitéis chumarsáide a fhorbairt

Le linn 2010 forbróidh an Institiúid straitéis chumarsáide fhadtéarmach, agus aird á tabhairt ar aidhm na hinrochtaineachta ginearálta, a chuirfidh bearta mionsonraithe maidir le feasacht a ardú, líonrú agus gníomhaíochtaí cumarsáide i láthair go seachtrach do na páirtithe leasmhara agus do na húsáideoirí go léir, agus go hinmheánach don fhoireann. Lorgófar agus aithneofar feithiclí agus bealaí cumarsáide a shroichfidh na Ballstáit chomh héifeachtach agus is féidir, mar shampla trí uiríoll CE agus uiríoll ó Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit.

(i) Déanfaidh an chuid den straitéis a bhaineann le cumarsáid sheachtrach: na spriocghrúpaí a shainiú, riachtanais agus leasanna na ngrúpaí roghnaithe a aithint, an fhaisnéis agus na modhanna cumarsáide a choigeartú dá réir sin, na bealaí cumarsáide a roghnú agus an t-aiseolas a phróiseáil le haghaidh a thuilleadh foghlama. Cuirfidh sé tús chomh maith leis na teagmhálacha le páirtithe leasmhara agus na cineálacha líonraithe a phleanáil chun cur chun cinn an chomhionannais inscne agus malartú dea-chleachtas a neartú.

Rud a bheidh ina chuid dhílis de na feidhmeanna cumarsáide seachtraí ná a áirithiú go ngineann an Institiúid - díreach ó thús - láithreacht dinimiciúil ar na meáin ar líne.

(ii) Beidh an chuid inmheánach den straitéis mar threoirlínte inmheánacha chun cuidiú leis an bhfoireann maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bheartaítear, sainiú na dtorthaí atáthar le cur in iúl, foirmiú na teachtaireachta agus roghnú na mbealaí cumarsáide.

I mí Mheán Fómhair 2010 déanfaidh an Institiúid iarracht a bheith i láthair ag an taispeántas chun na gníomhaireachtaí go léir a chur i láthair a bheidh ar siúl ag Parlaimint na hEorpa.

#### 2.4.1.2 Comórtas Eorpach do lógó EIGE

Is é an feachtas tosaigh a bheidh ag EIGE ná comórtas chun lógó na hInstitiúide a roghnú, agus gan é ag díriú ar chuideachtaí deartha gairmiúla ach ar shaoránaigh Eorpacha agus go háirithe ar ealaíontóirí, ar mhic léinn agus ar dhaoine óga. Beidh iomaitheoirí in ann a gcuid tallann ealaíonta a thástáil i gcomhar lena gcuid aislingí faoi dhomhain inscne-chothrom, trí na luachanna dá seasann comhionannas inscne san Eoraip a chur i bhfocail (mana) nó in íomhá (lógó). Cuirfidh an comórtas an Institiúid i láthair mar lárionad Eorpach d'obair um chomhionannas inscne, ardóidh sé feasacht ar na saincheisteanna a mbeidh ar an Institiúid dul i ngleic leo agus spreagfaidh sé daoine chun siombail dhinimiciúil shuntasach a chruthú le haghaidh na hInstitiúide.

Beidh an lógó a úsáid ar stáiseanóireacht, ar bhróisiúir, agus ar ábhair chomhthaobhacha eile de chuid EIGE lena n-áirítear ábhar closamhairc, ar chomharthaí agus ar an ngréasán araon.

Tá an comórtas sceidealta chun tosú ag tús na bliana agus chun críochnú i rith an earraigh i 2010. Gheobhaidh dearthóir an lógó a bhuaigh cuireadh chun freastal ar ócáid thosaigh oifigiúil EIGE, tráth a sheolfar an lógó.

*Táscairí aschuir:* Straitéis chumarsáide a bheith forbartha faoi dheireadh 2010; cumarsáid inmheánach a bheith lánpháirtithe sa Chlár Oibre faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; na cineálacha tosaigh líonraithe a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; líon na n-iomaitheoirí; líon na bpreaseisiúintí faoin gcomórtas lógó; seoladh oifigiúil an lógó faoi dheireadh na dara ráithe de 2010.

### 2.4.2 FAISNÉIS IONTAOFA AGUS CHUIMSITHEACH A FHORBAIRT

Aschur na gníomhaíochta: **Uirlisí bunúsacha le haghaidh faisnéise cuimsithí ar chomhionannas inscne a bheith forbartha**

Láithreán gréasáin EIGE a fhorbairt

Ó thús 2010, díreoidh EIGE ar chreat bunúsach a dhearadh agus na córais theicniúla a fhorbairt le haghaidh láithreán gréasáin, ar chóir é a bheith curtha in oiriúint do riachtanais spriocghrúpaí éagsúla. Sa chreat bunúsach beidh foirmeacha le haghaidh comhrá agus díospóireachtaí leis na húsáideoirí chomh maith le foirmeacha le haghaidh aiseolas a bhailiú. Faoi dheireadh na bliana cruthófar na chéad teachtaireachtaí físeáin faoin hInstitiúid, faoina ról agus faoina sainordú le haghaidh ENRanna éagsúla agus úsáideoirí eile. Tosófar ag obair ar chórais a chruthú chun faisnéis leictreonach a bhailiú agus a chur ar fáil, amhail preaseisiúintí, monatóireacht na meán ar ghearrthóga, léitheoirí gréasáin. Nuashonrófar an láithreán gréasáin go rialta le gnéithe agus saintréithe teicniúla nua.

*Táscairí aschuir:* láithreán gréasáin tosaigh a bheith seolta go luath sa bhliain agus an creat deiridh le haghaidh an láithreán gréasáin a bheith forbartha faoi dheireadh 2010; an chionmhaireacht de shíntiúsóirí r-nuachtlitreach faoi dheireadh 2010; an líon comhiomlán míosúil cliceanna in aghaidh na míosa roimh dheireadh 2010; an líon comhiomlán míosúil imprisean in aghaidh na míosa faoi dheireadh 2010; an líon comhiomlán bliantúil doiciméad ioslódáilte faoi dheireadh 2010; an líon comhiomlán bliantúil preaseisiúintí ioslódáilte chuig an rannóg nuachta faoi dheireadh 2010; na teachtaireachtaí físe tosaigh a bheith forbartha faoi lár na tríú ráithe de 2010; comhrá comhstádais ar straitéis nua an Choimisiúin faoi dheireadh 2010.

### 2.4.3 STEIRÉITÍOPAÍ INSCNE A BHRISEADH

*Aschur na gníomhaíochta:* **Tosaíonn EIGE ag forbairt samhlacha maidir le steiréitíopaí inscne a bhriseadh**

#### 2.4.3.1 Grúpaí acmhainne a bhunú

Tosóidh an ghníomhaíocht le tascfhórsa d'iriseoirí agus de shaineolaithe meán/cumarsáide a bhailiú chun tionchar iarrachtaí cumarsáide na hInstitiúide a neartú. Tabharfaidh an tascfhórsa comhairle do EIGE agus dá fhoireann cumarsáide maidir leis na bealaí is fearr chun faisnéis a scaipeadh agus díospóireachtaí a thionscnamh ar shaincheisteanna roghnaithe sna Ballstáit. Iarrfar ar na saineolaithe sa ghrúpa comhairle a thabhairt do EIGE chomh maith i ndáil le cineálacha cur chuige saincheaptha a fhorbairt maidir le himeachtaí chun feasacht a ardú agus díospóireachtaí dírithe ar ghrúpaí sonracha agus Ballstáit aonair.

Faoi dheireadh na bliana, tabharfar cuireadh do lucht múnlaithe tuairimí aitheanta chun páirt a ghlacadh i gcomhrá comhstádais ina gcuirfear straitéis nua an Choimisiúin um chomhionannas inscne i láthair.

#### 2.4.3.2. Díriú ar dhaoine óga

Cuimseoidh cuid d'obair EIGE gníomhaíocht ar fud an AE a bheidh dírithe ar roinnt steiréitíopaí inscne a aithint agus a bhriseadh. I bhfianaise chastacht an taisc, go háirithe maidir leis na difríochtaí cultúrtha, sóisialta agus reiligiúnacha atá ann san Eoraip, roghnófar spriocghrúpa amháin, eadhon daoine óga, don chéad tréimhse mheántéarma.

D'fhonn athrú inbhuanaithe a chruthú agus a bheith in ann cosúlachtaí agus difríochtaí i measc na dtíortha Eorpacha a chur i gcomparáid , déanfar staidéar tosaigh i 2010 ar noirm agus ar phatrúin cultúrtha, lena n-áirítear teanga, agus sóisialta a chinneann na coincheapa neamhshiméadracha de 'fir' agus 'mná' agus de 'róil'/féiniúlachtaí inscne sa tsochaí, go háirithe an coincheap de fhir óga agus d'aithreacha óga sa tsochaí. Díreoidh an staidéar ar dtús ar dhá thír agus déanfar é a leathnú de réir a chéile go dtí na Ballstáit eile.

Bunófar grúpa oibre i rith an earraigh i 2010 chun cabhrú le pleanáil agus le monatóireacht a dhéanamh ar an obair.

Tosóidh an ghníomhaíocht féin ar scála níos lú trí ghrúpa daoine óga aonair a roghnú in dhá thír phíolótacha le haghaidh na tréimhse tástála tosaigh. Le cabhair ó chomhlachtaí náisiúnta agus ó institiúidí ábhartha eile, ainmneofar dhá ghrúpa de dhéagóirí (cailíní agus buachaillí) a ghníomhóidh mar attaché-anna inscne sa todhchaí. Ar dtús cuirfear na rannpháirtithe ar an eolas faoi staidéar a dhéanamh ar noirm chultúrtha agus shóisialta a bhfuil tionchar acu ar róil inscne, agus in éineacht le foireann EIGE forbróidh siad bealaí chun rannchuidiú le breathnuithe a bhailiú ar noirm agus ar phatrúin na sochaí i ndáil le róil na mban agus na bhfear. Ag an am céanna oilfear na grúpaí sna bunghnéithe de shaincheisteanna comhionannais inscne agus den Aontas Eorpach.

Pleanálfar an chéad chruinniú aiseolais faoi dheireadh 2010 chun na torthaí ón dá chultúr a chur i gcomparáid lena chéile.

*Táscairí aschuir:* tascfhórsa d'iriseoirí agus de shaineolaithe meán/cumarsáide a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; líon na rannpháirtithe sa tascfhórsa; líon na n-imeachtaí eolais a d'eagraigh an tascfhórsa; an chéad mhonatóireacht meán a bheith seolta faoi dheireadh 2010; grúpa oibre le haghaidh na dtreoirthionscadal a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; staidéar ar noirm agus ar phatrúin chultúrtha agus shóisialta a bheith seolta faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; an chéad treoirghrúpa a bheith tagtha le chéile faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010.

**ACMHAINNÍ DAONNA (2010)**

Réimse fócais 4: Ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí ar conradh CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.75 | 1.25 | | 0.5 | 3.5 | 10% | 270 000 |

## 2.5. RÉIMSE FÓCAIS 5: IDIRPHLÉ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

Díreoidh an ghníomhaíocht seo ar chomhar feidhmiúil a bhunú le páirtithe leasmhara éagsúla ag leibhéil éagsúla.

### 2.5.1 AN LÍONRA EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE A BHUNÚ

*Aschur na gníomhaíochta*: **Na coinníollacha a bheith cruthaithe le haghaidh líonra chun inniúlacht agus taithí a roinnt**

Tosóidh an ghníomhaíocht seo le staidéar féidearthachta ar chineálacha éifeachtacha líonra leictreonaigh, agus is ar an mbonn sin a dhéanfar na modhanna líonra a dhearadh.

Bunófar tascfhórsa ar ghréasáin úsáideacha éifeachtacha faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2010 agus cuideoidh sé le EIGE maidir leis na teagmhálacha agus na bealaí chun teacht ar na heagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha agus bealaí chun eolas a bhailiú agus a chomhthiomsú a aithint.

Beidh modhanna chun úsáid a bhaint as an líonra agus as a chomhpháirtithe chun faisnéis úsáideach a scaipeadh go héifeachtúil mar chuid den obair.

Bainfidh EIGE úsáid as bunachar sonraí DG EMPL, as bealaí cumarsáide an Bhoird Bhainistíochta, as Fóram na Saineolaithe agus as eagraíochtaí éagsúla chun teacht ar na comhaltaí líonra féideartha.

*Táscairí aschuir:* staidéar féidearthachta ar chineálacha éifeachtacha líonra leictreonaigh a bheith seolta faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; tascfhórsa líonra a bheith bunaithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2010; an chéad fhardal ar bhaill líonra fhéideartha a bheith tógtha faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; uirlisí bunúsacha TE le haghaidh an líonra leictreonaigh a bheith sainithe faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010;

### 2.5.2 PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE

*Aschur na gníomhaíochta*: **An chéad chomhpháirtíocht ar fud na hEorpa a bheith bunaithe**

Ar mhaithe leis an idirphlé agus leis an gcaidreamh líonraithe sa todhchaí, bunóidh an Institiúid teagmhálacha lena príomhpháirtithe leasmhara. Comhaontófar comhoibriú (i) le Parlaimint na hEorpa (nua) agus lena coistí ábhartha, (ii) leis an gCoimisiún Eorpach, go háirithe an tuismitheoir DG EMPL, (iii) leis na Ballstáit agus leis na comhlachtaí náisiúnta ábhartha. Déanfar cineálacha comhair, gníomhartha comhpháirteacha féideartha, imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile a phlé agus a oibriú amach.

Socrófar seimineáir agus cruinnithe le Parlaimint na hEorpa, agus go háirithe leis an gCoiste um Chearta Ban agus Comhionannas Inscne, ag a dtabharfar eolas faoin dul chun cinn i ndáil le Clár Oibre EIGE a chur i gcrích agus ag a ndéanfar na cineálacha comhair a chinneadh.

Cinnteofar agus chomhaontófar cineálacha nithiúla comhair leis na gníomhaireachtaí AE eile freisin.

Seolfar staidéar i 2010 chun páirtithe leasmhara agus gníomhaithe ag an leibhéal Eorpach agus gníomhaithe todhchaí i dtríú tíortha a mhapáil, staidéar a mhapálfaidh freisin leasanna agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara aonair i dtaca le hobair um chomhionannas inscne.

Chun críche iarrachtaí agus eolas a chomhthiomsú um chomhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn, bunóidh EIGE grúpa oibre roimh dheireadh 2010 a bheith gafa i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na n-imeachtaí móra.

Ar mhaithe le faisnéis rialta agus le faisnéis thábhachtach a scaipeadh, forbróidh EIGE nuachtlitir leictreonach agus dáilfidh é ar a chuid páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe uile.

*Táscairí aschuir:* nuachtlitir leictreonach a bheith cruthaithe faoi dheireadh 2010; grúpa oibre maidir le comhordú ar pháirtithe leasmhara a bheith bunaithe faoi dheireadh 2010; mapáil na bpáirtithe leasmhara agus na ngníomhaithe a bheith seolta faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; seimineáir leis an gCoiste um Chearta Ban agus Comhionannas Inscne sa dara agus sa cheathrú ráithe de 2010; Meabhrán Tuisceana nó cineálacha eile comhair a bheith bunaithe leis na príomhpháirtithe leasmhara faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010; pleananna comhair a bheith comhaontaithe leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis an Lárionad um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha faoi dheireadh na tríú ráithe de 2010.

**Acmhainní Daonna (2010)**

Réimse fócais 5: Idirphlé agus comhpháirtíocht

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí ar conradh CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.5 | 1.25 | 1 | 0.5 | 4.25 | 13% | 240 000 |

## 3. ACHOIMRE AR ACMHAINNÍ DAONNA AGUS AIRGEADAIS

| GNÍOMHAÍOCHTAÍ | % | Iomlán Acmhainní daonna | Teideal 1 Foireann | TEIDEAL 2 Bonneagar | TEIDEAL 3 Oibriúchán | Buiséad iomlán | Codán buiséid |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Dréachtbhuiséad tosaigh 2010 | | | | |
| | | | *2 420 000* | *1 020 000* | *3 500 000* | *6 940 000* | |
| **Réimse fócais 1: Leagan amach institiúideach na hInstitiúide** | 33 % | 11.25 | 970 000 | 331 000 | 428 000 | 1 729 000 | 25 % |
| **Réimse fócais 2: Tacaíocht theicniúil d'obair bheartais institiúidí an AE agus na mBallstát** | 26 % | 9 | 590 000 | 201 000 | 847 000 | 1 638 000 | 24 % |
| **Réimse fócais 3: Réimsí téamacha nó tosaíochta** | 18 % | 6 | 350 000 | 119 000 | 120 000 | 589 000 | 8 % |
| **Réimse fócais 4: Ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid** | 10 % | 3.5 | 270 000 | 92 000 | 1 425 000 | 1 787 000 | 26 % |
| **Réimse fócais 5: Idirphlé agus Comhpháirtíocht** | 13 % | 4.25 | 240 000 | 82 000 | 460 000 | 782 000 | 11 % |
| **CÚLCHISTE**[9] | | | | 195 000 | 220 000 | 415 000 | 6 % |
| Iomláin | 100 % | 34 | 2 420 000 | 1 020 000 | 3 500 000 | 6 940 000 | 100 % |
| | | | Dréachtbhuiséad 2010 | | | | |

[9] Beidh na cistí sa chúlchiste calctha go dtí go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh breise ag a chéad chruinniú eile.

# 4 PLEAN BUNAITHE

| Grúpa/grád feidhme | Plean bunaithe údaraithe 2009 | Plean bunaithe iarrtha 2010 | Plean bunaithe arna mhodhnú ag cinneadh BB an 19 Feabhra, 2010 |
|---|---|---|---|
| AD16 | | | |
| AD15 | | | |
| AD14 | | | |
| AD13 | 1 | 1 | 1 |
| AD12 | | | |
| AD11 | 1 | 1 | 1 |
| AD10 | 1 | 1 | 1 |
| AD9 | | | 1 |
| AD8 | 2 | 2 | 3 |
| AD7 | 2 | 2 | 2 |
| AD6 | | 1 | 1 |
| AD5 | 5 | 8 | 8 |
| ***IOMLÁN AD*** | ***12*** | ***16*** | ***18*** |
| AST11 | | | |
| AST10 | | | |
| AST9 | 1 | 1 | |
| AST8 | 1 | 1 | |
| AST7 | | | |
| AST6 | 2 | 2 | 2 |
| AST5 | 2 | 3 | 3 |
| AST4 | 2 | 2 | 2 |
| AST3 | | | |
| AST2 | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| AST1 | | | |
| ***IOMLÁN AST*** | ***8*** | ***9*** | ***7*** |
| ***IOMLÁN AD/AST*** | ***20*** | ***25*** | ***25*** |

Foireann sheachtrach: gníomhairí ar conradh

| **Grúpa feidhme** | **2009** | **2010** |
|---|---|---|
| FG IV | 2 | 2 |
| FG III | 1 | 2 |
| FG II | 2 | 2 |

# 5 MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

## 5.1 MONATÓIREACHT A CHUR CHUN FEIDHME

Ar bhonn chur chuige na Monatóireachta Bunaithe ar Thorthaí, déanfaidh an Institiúid faisnéis a bhailiú agus a anailísiú maidir le dul chun cinn um chur chun feidhme an Chláir Oibre. Baileofar sonraí agus faisnéis bhonnlíne, agus forbrófar táscairí agus spriocanna chun léiriú a thabhairt do lucht bainistíochta agus do na príomhpháirtithe leasmhara ar an dul chun cinn um chur chun feidhme.

Forbróidh gach foireann córas monatóireachta, agus arna chomhdhlúthú ag an dá aonad in aon phlean amháin úsáidfear é i dtaca le Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha.

## 5.2 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Faoi dheireadh 2010 ullmhófar an chéad tuarascáil bhliantúil ag taispeáint na dtorthaí láithreacha a baineadh amach, agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus na bpáirtithe leasmhara eile go léir í lena mbaineann.